# Vacsaín Niúmacocúil (PPV23)



Seirbhís Sláinte
Níos Fearr
á Forbairt

Building a
Better Health
Service

## Vacsaín niúmacocúil (PPV23)

Tugann an vacsaín niúmacocúil (PPV23) cosaint ar ghalar niúmacocúil tromchúiseach. D’fhéadfadh an galar niúmacocúil a bheith ina chúis báis i gcásanna áirithe. Tugtar an vacsaín niúmóine ar an vacsaín niúmacocúil chomh maith.

## Céard é an galar niúmacocúil?

Is ionann an galar niúmacocúil agus ionfhabhtú a spreagann na baictéir (frídín) Streipteacocas niúmóine. D’fhéadfadh niúmóine, seipticéime (cineál fuilnimhithe) agus meiningíteas a bheith mar thoradh air, galair ar féidir leo daoine a chur i mbaol báis.

## Conas a thógtar an galar niúmacocúil?

Scaiptear baictéir niúmacocúla ó dhuine go duine trí chasachtach, sraothartach nó dlúth-theagmháil le duine ar a bhfuil an galar niúmacocúil orthu. Is féidir na baictéir a iompair sa tsrón agus sa scornach gan dochar ar bith a dhéanamh ach is féidir leo ionradh a dhéanamh ar na scámhóga agus sruth na fola uaireanta agus niúmóine, seipticéime agus meiningíteas a spreagadh.

## Conas a oibríonn an vacsaín niúmacocúil (PPV23)?

Spreagann an vacsaín an corp chun antasubstaintí a tháirgeadh chun troid in éadan na mbaictéar niúmacocúil (frídín). Má dhéanann tú teagmháil leis na baictéir niúmacocúla, troidfidh na hantasubstaintí sin in éadan an ionfhabhtaithe agus tabharfaidh siad cosaint duit ar an ngalar.



## Cé ba chóir dóibh an vacsaín niúmacocúil a fháil?

Tá daoine áirithe ann, gach duine atá 65 bliain d'aois agus níos sine ina measc, gur mó an baol dóibh tinneas tromchúiseach a fháil de bharr an ghalair niúmacocúil, mar sin moltar go dtugtar an vacsaín niúmacocúil (PPV23) dóibh.

Ba chóir go dtabharfaí an vacsaín PPV23 do na daoine a bhfuil na fadhbanna seo a leanas acu.

**Gach duine atá 65 bliain agus níos sine agus gach duine atá 2 bhliain agus níos sine agus a bhfuil na fadhbanna sláinte seo a leanas acu:**

- Diaibéiteas
- Galar scamhóige, croí, ae nó duáin ainsealach
- Galar néareolaíoch ainsealach
- Leanaí atá níos sine ná 2 bhliain d'aois agus faoi bhun 5 bliana d'aois a raibh an galar niúmacocúil ionrach orthu roimhe seo
- Galar céiliach
- Siondróm Down



- Ionphlanduithe cochla nó atá chun ionphlanduithe cochla a fháil go luath
- Easpa imdhíonachta mar gheall ar ghalar nó chóireáil, othair ailse san áireamh
- Ionfhabhtú VEID
- Gan liathán nó a bhfuil liathán nach bhfuil ag feidhmiú i gceart acu
- Sileadh ón Sreabhán Ceirbreadhromlaigh (CSF), scoilt bhlaoisce ó bhroinn nó scoilt bhlaoisce a dhéanann cúrsaí níos measa, nó go ndearnadh néaramháinliacht orthu
- Seachród ionchráiniach.

Ní mholtar do leanaí agus aosaigh óga folláine an vacsaín PPV23 a fháil toisc nach bhfuil siad go mór i mbaol an ghalair niúmacocúil.

## An bhfuil aon duine nár chóir dóibh an vacsaín niúmacocúil a fháil?

Tá an vacsaín PPV23 sábháilte don chuid is mó de dhaoine. Ach níor chóir duit an vacsaín seo a fháil má bhuail fíor-fhrithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach thú (anaifiolacsas) agus dáileog den vacsaín PPV23 á fáil agat roimhe seo nó má raibh an frithghníomhú céanna agat de bharr aon chuid den vacsaín.

Má tá tú tinn, agus fiabhras ort, níor chóir an vacsaíniú a dhéanamh go dtí go mbeidh biseach tagtha ort.

Ní mholtar vacsaín PPV23 do leanaí faoi bhun dhá bhliain d’aois, ós rud é nach n-éiríonn go maith léi san aoisghrúpa seo.

## Cé chomh minic is a thugtar an vacsaín?

Má tá tú 65 bliain d’aois nó níos sine, ní gá duit an vacsaín a fháil ach uair amháin.

Má tá tú níos óige ná 65 bliain d’aois, d’fhéadfadh sé go mbeadh dhá dháileog den vacsaín de dhíth ort agus gur chóir iad a thabhairt duit le tréimhse 5 bliana eatarthu ar a laghad.

## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

D'fhéadfadh sé go mbeadh an vacsaín ina cúis le fo-iarmhairtí éadroma in amanna.

Is iad na fo-iarmhairtí is coitianta ná pian, deirge agus at san áit ar tugadh an t-instealladh. D'fhéadfadh an vacsaíniú tinneas cinn agus pianta sna matáin a spreagadh in amanna.

Is fíor-annamh a tharlaíonn droch-fhrithghníomhú ailléirgeach dá bharr.

Níor tuairiscíodh aon fho-iarmhairtí eile maidir leis an vacsaín.

## An féidir an galar niúmacocúil a thógáil ón vacsaín PPV23?

Ní féidir leat an galar niúmacocúil a thógáil ón vacsaín, toisc nach bhfuil aon bhaictéir bheo inti.

## An féidir an vacsaín a thabhairt ag an am céanna leis an vacsaín fliú?

Is féidir an vacsaín niúmacocúil (PPV23) a thabhairt ag an am céanna leis an vacsaín fliú.

## Conas is féidir liom an vacsaín a fháil?

Ba chóir duit labhairt le do dhochtúir, d'altra cleachtaidh nó le do chógaiseoir faoin vacsaín niúmacocúil (PPV23).

Tá an vacsaín niúmacocúil (PPV23) ar fáil saor in aisce má tá tú 65 bliain d'aois nó níos sine, nó má tá tú i ngrúpa atá i mbaol.

Má tá cárta leighis nó "cárta cuairt dochtúra" agat, tá an vacsaín agus an comhairliúchán saor in aisce.

Mura bhfuil cárta leighis nó "cárta cuairt dochtúra" agat, tá an vacsaín fliú ar fáil saor in aisce, ach gearrfar táille chomhairliúcháin ort.

## Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Náisiúnta Imdhíonta ar: http://bit.ly/pneumo23

Tabhair cuairt ar www.hpra.ie nó scan an cód QR chun an t-eolas ceadúnaithe faoin vacsaín PPV23 (Bileog Eolais d'Othair) a léamh.



Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service